

drámaíocht



orgán

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

An mbíonn tú féin ar bís ar an Aoine?
Cén fáth?

### Tasc 2:

Is maith leis an chailín sa dán an drámaíocht mar chaitheamh aimsire. Ainmnigh 5 chaitheamh aimsire eile.

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

2 Ar Scoil

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Ar Scoil

# Ar Scoil

Inniu an Luan,
Ar ais ar scoil,
Inné an Domhnach,
Ag obair gan mhoill.

Inniu an Mháirt,
Ar an bhus,
Ach ar an tábla,
A d'fhág mé mo shos.

Inniu an Chéadaoin,
**Drámaíocht** anocht,
Ag déanamh cleachtaidh,
Go dtí a seacht.

Inniu an Déardaoin,
Déanaim ceol,
Le mo mhúinteoir pianó,
Agus an fear **orgáin** Pól.

Inniu an Aoine,
Ar scoil arís,
Ach an Satharn amárach,
Tá mé ar bís!

**Le Ann Ní Chuilinn**

# Ceisteanna

**1. I véarsa 1 cad é a chiallaíonn 'gan mhoill'?**
(a) Go ciúin
(b) Go mall
(c) Go luath

**2. Cén fáth a bhfuil an cailín míshásta i véarsa 2?**
(a) An Mháirt atá ann
(b) Ní maith léi an bus
(c) Rinne sí dearmad ar a sos

**3. I véarsa 3 tá 'drámaíocht' in úsáid mar:**
(a) briathar.
(b) ainmfhocal.
(c) aidiacht.

**4. Cén uirlis cheoil atá an cailín a fhoghlaim?**
(a) An giotár
(b) An fheadóg stáin
(c) An pianó

**5. Cad é mar a mhothaíonn an cailín i véarsa 5?**
(a) Brónach
(b) Tógtha
(c) Míshásta

**6. Cén abairt atá fíor?**
(a) Níl an cailín ag dúil go mór leis an chleachtadh ceoil
(b) Tá an cailín ag dúil go mór leis an deireadh seachtaine
(c) Tá an cailín ag dúil go mór le dráma ag an deireadh seachtaine

